

An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Ráiteas Straitéise 2011 - 2014

Fáiltím roimh foilsíú an chéad Ráiteas Straitéise de chuid na Roinne nua - an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Leagtar síos sa Stráitéis seo clár oibre uailmhianach a chuirfear i bhfeidhm ag an Roinn thar an tréimhse trí bliana atá romhainn. Tá seo aontuithle le hArd-Rúnaí na Roinne. Tá an timpeallacht ina bhfuil an Roinn ag saothrú níos dúshlánaí ná riamh. Is éard atá i gceist go léireofar sa Straitéis an cur chuige a bheidh ag an Roinn agus i ag tacú le spriocanna sáraitheacha an Rialtais d'fhonn ár n-eacnamaíocht fhlaithiúnach a aisghabháil, tacú le fás eacnamaíoch, agus fostaíocht a chur chun cinn. Go criticiúil, leagtar síos sa Ráiteas aschur sonrath trínar féidir ár rath i riaradh ár spriocanna a thomhas. Ina bPlean Oibre déanfaidh ball foirne na Roinne de réir spriocanna ardleibhéil, stráitéisí agus aschur na Straitéise seo. Beidh na baill foirne go léir eolasach ar a bpáirt agus cuspóirí na Roinne maidir lena misean móriomlán á bhfeidhmiú acu.

Cheana féin, is eol dom a thiomanta is atá Bainistíocht agus Foireann na Roinne torthaí a sheachadadh. Tuigim chomh maith go nglacann siad go réidh le h-athchóiriú. Tá mé ag súil go mór le n-oibriú leo sna blianta atá romhainn, agus iad ag tabhairt aghaidh ar an gclár oibre dúshlánach atá leagtha síos sa Ráiteas seo

Athchóirithe

Brendan Howlin, T.D., Aire Caiteachais Phoiblí agus

Réamhrá ón Ard Rúnaí

A Aire, a chara,

Thar cheann Bhanistíocht agus Fhoireann na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, cuireann sé áthas orm ár Ráiteas Stráitéise 2011 – 2014 a chur faoi do bhráid. Tá an Roinn a bunaíodh ar an 6 Iúil 2011 faoi cheangal ag an Rialtas, ollchlár uailmhianach um athruithe agus athchóirithe a fheidmiú ins na blianta beaga atá romhainn.

Leagann an Raiteas seo amach ár bpríomh phríorachtaí stráitéiseacha d'fhonn caiteachas poiblí a laghdú chuig leibhéal atá níos inmhathanaí, agus ag an am céanna, ár seirbhísí poiblí a athchóiriú, agus a fheabhsú. Creidimid gurb é ár mórchuspóir cabhrú lenár n-eacnamaíocht fhlaithiúnach a aisghabháil, trínár spriocanna fíoscacha a bhaint amach. I dteannta bearta eárnála cuí, idirghabhálacha agus gníomhachtaí, seo é an cur chuige is fearr d'fhonn tacú le téarnamh eacnamaíochta na hÉireann, agus bunchloch a leagan síos i dtreo fáis fostaíochta, agus laghdú dífhostaíochta.

Tá an Rialtas tiomanta do chlár athchóirithe reachtaíochta, i réimsí a bhaineann le hEitic, Cosaint do Sceithirí, agus Saoráil Faisnéise. Tá an Roinn seo tiomanta do fheidmiú an Chláir, de réir mar atá leagtha síos sa Chlár Rialtais

Sa Ráiteas seo, leagtar amach go mion ár spriocanna, maidir lenár gcur chuige, agus ár modh oibre mar Eagraíocht, d'fhonn ár ngealltanais a bhaint amach. Thar thréimhse na Straitéise seo, is féidir ár bhfeidhmíocht foriomlán a thomhas tríd ár n-ardleibhéal táirgiúlachta. Beidh teacht ar ár mbunspriocanna inghnóthaithe maraon lenár mionspriocanna ins na Meastacháin Bhliantúla. Ag eascairt as na spriocanna stráitéiseacha, stráitéisí agus aschur atá leagtha síos, ba chóir go gcuideodh siad seo linn a bheith níos so-lúbtha agus sinn ag díriú ar thimpeallacht atá ag síorathrú, de réir mar a leagtar dúshlán úrnua ós ár gcomhair

Mar Roinn is é ár mian barr feabhais a bhaint amach agus muid ag tacú leatsa ár nAire, agus leis an Rialtas araon. Tá foireann dílis tiomanta profisiúnta den scoth againn. Ach is maith is eol dúinn gur gá dúinn féin a bheith ag síorathrú, athchóiriú agus uasghrádú a dhéanamh orainn féin, ionas gur féidir linn ár gcumas a chomhlíonadh agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá romhainn.

Beidh ár gcaidreamh leis na páirtithe leasmhara eile, maraon le tréithe agus cumas foirne na Roinne rí-thábhachtach i bhfeidmiú na Straitéise seo sna blianta atá romhainn. De bharr díograis agus tiomantais na foime, tá lámhuinín agam gur féidir linn gealltanais na Straitéise seo a bhaint amach.

Robert Watt

Ard-Rúnaí

Is iad seo a leanas na Príomh Dhúshláin agus Deiseanna atá in ár dTimpeallacht Oibre

- **Timpeallacht Eacnamaíoch:** De thoradh cómhthéacs na heacnamaíochta sa bhaile, san Eoraip, agus ar fud an Domhain mairfidh na dúshláin a bhaineann le gníomhaíocht eacnamaíoch agus leis an staid fhioscach.

- **Caidreamh Oibre le Ranna eile agus le Comhlachtaí san Earnáil Phoiblí:** D'fhonn cuspóirí eacnamaíochta agus Sóisialta an Rialtais a bhaint amach caithfear caidreamh le Ranna Rialtais eile agus leis an Earnáil Phoiblí a bhainistiú. Is den riachtanas é go mbeadh dlúthchaidreamh oibre leis an Roinn Airgeadais chun airgeadas poiblí fóna a chinntiú, maraon le cothromaíocht chuí idir choigilteas ar chaiteachas , agus bearta tiomsaithe ioncaim.
- **AE/CAI Clár Tacaíochta:** Is ar an mbonn go bhfuil na cinntí is gá a thógáil cóir agus cothrom gur féidir na spriocanna dúshlánacha chaiteachais agus fhioscacha atá leagtha síos sa Chlár, a chinntiú. Is ar an mbonn céanna amháin a ghlacfaidh an Pobal leis na mórchinntí deacra seo.
- **Cumas Iomaíochta:** Tá athnuachan eacnamaíoch agus fás ag brath ar fheabhsucháin in iomaíochas idirnáisiúnta na hÉireann, ag eascairt as athchóiriú structúrtha leanúnach agus earnáil phoiblí a bheith níos éifeachtaí .
- **Margadh Saothair:** I gcomhréir lenár n-acmhainní, beidh dúshlán na dífhostaíochta ag brath ar chaiteachas a bheidh post-dírthe agus ar bhearta ghníomhachtúcháin .
- **Brú ar Chaiteachas:** Méadófar an brú ar chaiteachas, i gcúrsaí sláinte, oideachais, agus comhshaoil, ach go h-áirithe, de bharr athruithe déimeagrafacha, agus ionchais a bheith níos airde. Caithfear cinntí a bhaineann le hathchóiriú pinsin, agus bearta eile a thógáil d'fhonn an dliteanais caiteachais a laghdú, sa mheántearma agus sa bhfadtearma.
- **Coimirce Shóisialach:** De réir ár n-acmhainní laghduithe ní mór comhardú a dhéanamh idir an móréileamh ar sholáthairtí sóisialta agus tacaíochta ar thaobh amháin, agus an gá lena gcionroinnt orthu siúd atá ar an mbeagán. Beidh gá aghaidh a dhíriú ar an gceist seo.
- **Laghdú i líon foirne na Seirbhíse Poiblí:** De bharr na laghduithe i líon foirne na seirbhíse poiblí atá ag feidhmiú, beidh dúshlán shuntasacha le sarú d'fhonn bunseirbhísí poiblí a sheachadadh. Dá thoradh seo, beidh gá le hathchóiriú bunúsach ar sheirbhísí agus ar a seachadadh.

- **Athchóiriú sa tSeirbhís Phoiblí a Bhainistiú:** Ní mór ceannasaíocht, tiomantas, agus cumas na mbainisteoirí sa tSeirbhís Phoiblí a threisiú chun Clár Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí a sheachadadh.
- **Caidreamh AE/ Thuaidh-Theas agus Idirnáisiúnta Eile:** Cruthóidh an Idirbheartaíocht ar bheartas nua Bhuiséad an AE agus ar Beartas Chomhtháthaithe sna todhchaí, maraon le hUachtarántacht na hÉireann in 2013, mór-dúshlán don Roinn.
- **Scileanna agus Cumas:** Chun spriocanna na Roinne a fheidhmiú, ní mór scileanna agus cumas na foirne a threisiú, lena n-áirítear athchóiriú agus athstructúrú breise ar an Roinn.

Is é seo ár Misean:

Fónamh d'ár dtír, dá pobal, agus don Rialtas, trí chaiteachas poiblí spriocdhírthe agus dea-bhainistithe a sheachadadh, a chuirfear ar fáil ag seirbhís phoiblí nuachóirithe, a bheidh éifeachtach agus freagrach.

An áit is mian linn a bheith:

Táimid ag iarraidh bainistíocht fhónta inbhuanaithe ar chaiteachas poiblí a chinntiú, a bheidh mar bhuntaca chun príorachraí eacnamaíochta agus sóisialta an Rialtais a sheachadadh; chomh maith leis sin, a bheith inár scothpháirtnéirí lenár bpáirtithe leasmhara, agus sinn ag soláthar seirbhísí poiblí atá níos fearr agus níos cuntasáí

An cur chuige atá beartaithe chun ár spriocanna a bhaint amach:

Cuirfimid dea-chomhairle neamh-chlaonta ar fáil don Aire, agus don Rialtas. Déanfaimid cinnte de an leas náisiúnta a chur chun tosaigh ins na cinntí a thógfar ar chaiteachas, agus ar sheirbhísí poiblí. Díreoidimid ár n-aire ar thorthaí foriomlána náisiúnta a bhaint amach, ar bhonn na n-acmhainní a chuirfear in usáid. Beidh muidne ar thús cadhnaíochta, agus tacóimid leo siúd atá freagrach as athchóiriú ar fud na Seirbhíse Poiblí

Is iad na spriocanna atá againn:

Bainistiú a dhéanamh ar chaiteachas poiblí ag leibhéal níos inbhuanaithe ar bhealach pleanáilte, cóimheasta agus cothrom le tacú le feidhmíocht eacnamaíoch na hÉireann agus dul cinn sóisialta

Struchtúir riaracháin agus rialachais phoiblí a bheith ann a bheidh trédhearcach, éifeachtach, cuntasach agus freagrúil

Beidh na Torthaí dearfacha seo a leanas ar bhaint amach ár spriocanna

Cinnteacht níos mó maidir le leibhéal chaiteachais sa mheántéarma chun pleanáil, athchóiriú struchtúrach agus seachadadh a éascú de réir spriocanna foriomlána fíoscacha.

Dianbhainistiú gach bliain ar chaiteachas poiblí de réir acmhainní atá ar fáil, agus atá anois i bhfad níos lú.

Go dtabharfaí aird ar thorthaí eacnamaíochta agus sóisialta, ar fheidhmíocht agus ar luach ar airgead nuair a bheidh acmhainní á leithdháileadh.

A bheith níos dírithe ar thacú le fiontraíocht agus le forás fostaíochta nuair atá airgead poiblí a chaitheamh.

Seirbhís phoiblí níos lú, ar chostas níos lú agus níos táirgiúla a ndéanfaí bainistiú níos fearr uirthi agus a bheidh dírithe ar na torthaí is fearr a bhaint amach don saoránach.

Seirbhís phoiblí níos cuntasáí agus struchtúir riaracháin agus daonlathacha níos éifeachtaí.

Is trí na Straitéisí seo a leanas a bhainfimid ár spriocanna amach:

- Fócas níos láidre ar fhaisnéis a bhainfidh le luach ar airgead agus ar fheidhmíochtaí a bheidh níos ceangailte le próisis chun acmhainní a leithdháileadh

- Athchóiriú ar phróisis buiséid chun cinnteacht maidir le leibhéal agus le comhdhéanamh an chaiteachais poiblí sa mheántéarma a chur chun cinn
 - Cuntasacht níos mó i measc Ranna Rialtais agus comhlachtaí stáit eile i leith bainistiú a gcuid acmhainní féin, plé níos fearr, tagarmharcanna feidhmiúcháin soiléire agus dreasachtaí maidir le hiompar stuama
 - A chinntiú go mbeidh Éirinn sa chaoi is go mbeidh sí in ann cur le forbairt bheartas Comhtháite an AE roimh Uachtaránacht na hÉireann i 2013 agus ina dhiaidh
 - Úsáid níos éifeachtaí a bhaint as gach sócmhainn Stáit agus diúscairt sócmhainní Stáit a bhainistiú
 - Tuilleadh béime ar bhearta gníomhachtúcháin sa mhargadh saothair agus ar fhostaíocht a chruthú
 - Clár cuimsitheach a stiúradh ar mhaithe leis an tSeirbhís Phoiblí a athchóiriú
- Struchtúir agus gnáthchleachtais a bhaineann le rialachas riaracháin agus cuntasacht dhaonlathach a fheabhsú
 - Cur leis an méid de ghníomhaíocht seirbhíse poiblí a sheachadtar le samhlacha malartacha seachadta
 - Rannpháirteacht ghníomhach le leasa foirne maidir le cleachtais fostaíochta a athchóiriú ach ag an am céanna ag tacú le suaimhneas tionsclaíochta sa tseirbhís poiblí
 - Ard-leibhéal feidhmíochta ag a mbeidh ceangal le cuspóirí eagraíochta a chur chun cinn i measc Státseirbhíseach
 - Polasaí pinsean seirbhíse poiblí a bheidh inbhuan agus comhsheasamhach a forbairt agus a sheachadadh
 - Breis sonraí agus seirbhísí Rialtais a chur ar fáil go leictreonach, agus sonraí agus seirbhísí a bhainistiú agus a roinnt níos fearr ar mhaithe le seirbhísí spriocdhírthe a sholáthar do gach úsáideoir seirbhíse poiblí

Is féidir ár bhfeidhmíocht a thomhas tríd an stair atá againn na Torthaí seo a sheachadadh

- Creat Caiteachais sa Mheántéarma (MTEF) a bheidh éifeachtach agus ina bhféadfaí athrú a chur ar chaiteachas capitil agus reatha gach earnáil ar bhealach inmharthana
- Buiséid Feidhmíochta i ngach Roinn a léireodh príomhshonraí aschuir/tionchair sna Meastacháin Bhliantúla
- Meicníochtaí athbhreithnithe níos láidre, a bheidh níos dírithe ar luach ar airgead a bheith mar chuid den MTEF
- Cloí le spriocanna atá sonraithe i gClár Tacaíochta an AE/CAI
- Chomh maith is a éireoidh le hUachtaránacht na hÉireann i 2013
- Dul chun cinn maidir le comhoibriú Thuaidh-Theas
- Infheistíocht níos costas éifeachtaí i bpríomhlíonraí an gheilleagair agus bainistiú éifeachtach ar fháltas ar shócmhainní Stáit a dhiúscairt
- Reachtaíocht a réiteach de réir chlár an Rialtais i dtreo struchtúir dhaonlathacha níos éifeachtaí
- Úsáid níos éifeachtaí a bhaint as an líon foirne laghdaithe sa tseirbhís poiblí le Creat Rialaithe Fostaíochta a bheith i ngach réimse eanála agus réasúnú ar struchtúir de réir cuspóirí athchóirithe agus tosaíochtaí seirbhíse d'earnálacha ar leith
- Laghdú inbhuan ar an gcostas a bhaineann le bille pá na seirbhíse poiblí
- Plean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí a sheachadadh go héifeachtach
- Cleachtais Acmhainní Daonna níos láidre, lena n-áirítear bainistiú feidhmíochta agus pleanáil dhomhanda ar fud na seirbhíse poiblí agus na Státseirbhíse
- Feidhmiú éifeachtach an Chomhaontaithe Seirbhíse Poiblí 2010-2014
- Feabhas inbhuan ar inbhuanaitheacht pinsean na seirbhíse poiblí sa bhfadtéarma
- ICT Rialtais agus Clár oibre r-seirbhísí an Rialtais a sheachadadh
- Seirbhísí Comhroinnte nua a sheachadadh sa Státseirbhís

Daoine agus Struchtúir

- Cumais agus scileanna a neartú, go háirithe maidir le ceannaireacht an athruithe agus measúnú clár

- Struchtúir Roinne agus úsáid foirne a thabhairt le chéile níos fearr le straitéis a bheidh ag éabhlú
- Bainistiú níos fearr ar fhoirne agus ar fheidhmíocht aonair
- Cur le solúbthacht, éifeachtacht agus nuálacht, ag cur le Comhaontú na Seirbhíse Poiblí
- Rannpháirteacht, cumarsáid agus líonraí níos éifeachtaí go himheánach agus go seachtrach
- Meas ar éagsúlacht agus ar chumais
- Príomhsheirbhísí corparáide a roinnt leis an Roinn Airgeadais

Próisis

- Teicneolaíocht i dtús cadhnaíochta a úsáid agus feabhas ar phróisis gnó chun feidhmíocht den scoth a éascú agus a thiomáint agus a sheachadadh
- Bainistiú, lánpháirtíú agus úsáid níos fearr as córais próiseála faisnéise agus sonraí
- Leas a bhaint as clár tras-Rialtais, clár seirbhísí comhroinnte, agus a leithéid
- Rialáil níos fearr

Bainfear ár spriocanna amach le tacaíocht ó na nithe Cumasúcháin seo a leanas:

- Trédhearcacht
- Measúnú ar fheidhmíocht agus tomhas torthaí a fheabhsú
- Rialuithe inmheánacha maidir le caiteachas
- Pleanáil Gnó
- Caighdeán eitice agus iompar gnó
- Bainistiú Riosca